



Preasráiteas 13.09.2022

Is mian le *Cill Dara le Gaeilge* a fhógairt go bhfuil Oifigeach Feidhmiúcháin nua ceaptha ag an eagraíocht. Thosaigh Caoimhe Ní Shúilleabháin sa ról nua ar an gcéad lá de mhí Mheán Fómhair. Is í Caoimhe an dara hoifigeach lánaimseartha atá ag obair le *Cill Dara le Gaeilge* chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an phobail i gContae Chill Dara.

Bhí Caoimhe ag obair ar feadh 13 bliana in Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin sa Choimisiún Eorpach sa Bhruiséil, mar aistritheoir agus mar cheann aonaid gníomhach i Roinn na Gaeilge. Roimhe sin chaith sí seal ag obair sa Bhainse Logainmneacha i mBaile Átha Cliath. Tá Máistreacht aici sa Bhéaloideas ó Ollscoil *Memorial*, Talamh an Éisc, agus san Aistriúchán ó Ollscoil na Gaillimhe.

Fad is a bhí sí sa Bhruiséil bhí dlúthbhaint ag Caoimhe le saol na Gaeilge. Ba bhall gníomhach í de choiste *Sheachtain na Gaeilge* agus bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí an fheachtais *Leabhra Feabhra* agus an ghrúpa *Na Gaeil i gCéin*, a bhuaigh gradam *Global Gaeilge Ghlór na nGael* in 2016. Bhí Caoimhe ina ball gníomhach de chlub Chumann Lúthchleas Gael na Beilge ar feadh na mblianta freisin agus í ina hoifigeach Gaeilge agus cultúrtha ar bhord Chumann Lúthchleas Gael na hEorpa ar feadh bliana.

Is faoi Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge 2022-2024 *Fhoras na Gaeilge* atá Caoimhe fostaithe agus beidh sí ag obair go príomha i gceantar na Sollán/Nás na Ríogh, ceantar ina bhfuil obair ar siúl cheana fein ag *Cill Dara le Gaeilge* chun críche stádas líonra a bhaint amach. Ar na cúraimí a bheidh ar Chaoimhe sa ról nua seo beidh obair le grúpaí pobail sa cheantar sin chun réimse imeachtaí pobail trí mheán na Gaeilge a phleanáil agus a réachtáil. Beidh ról lárnach aici i bpleanáil agus i bhfeidhmiú phlean teanga *Chill Dara le Gaeilge*, agus beidh sí ag cur tacaíocht ar fáil do ghrúpaí eile atá páirteach sa phróiseas pleanála. Beidh Caoimhe ag tacú freisin leis an tionscadal *Gnó Chill Dara*, agus í ag obair leis an earnáil ghnó chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa chumarsáid agus mar ghléas margaíochta i soláthar seirbhísí i nGaeilge.

Agus an ceapachán á fhógairt aige, seo mar a labhair Daithí de Faoite, Cathaoirleach, *Cill Dara le Gaeilge*:

“Tá an-áthas ar *Chill Dara le Gaeilge* ceapachán Chaoimhe Ní Shúilleabháin i ról oifigigh feidhmiúcháin san eagraíocht a fhógairt. Tá foireann *Chill Dara le Gaeilge* ag dul i méid de réir a chéile agus táimid cinnte go gcuirfidh fuinneamh, fócas agus taithí Chaoimhe go mór le hobair na heagraíochta. Tá dul chun cinn nach beag déanta ag *Cill Dara le Gaeilge* le blianta beaga anuas, go háirithe ó ceapadh an chéad fhostaí beagán os cionn bliain ó shin. Beidh ról lárnach ag Caoimhe sa chéad chéim eile de phlean forbartha na heagraíochta, go háirithe i

dtaca le stádas líonra a bhaint amach do cheantar na Sollán/Nás na Ríogh, stádas nach bhfuil ag aon cheantar i gCill Dara go dtí seo. Guímid gach rath ar Chaoimhe agus táimid ag súil leis an tréimhse thairbhiúil thaitheamhach atá romhainn ag obair i dteannta a chéile.”

Ráiteas ó Chaoimhe Ní Shúilleabháin:

“Táim ag tnúth go mór le bheith ag obair le *Cill Dara le Gaeilge*. D’fhill mé ar Éirinn ag tús na bliana seo tar éis 13 bliana a chaitheamh ag obair leis an nGaeilge i seirbhís aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh. Táim an-bhródúil as an obair atá déanta ag na haistritheoirí Gaeilge ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ó bhain an Ghaeilge stádas amach mar theanga oifigiúil de chuid an Aontais in 2007, agus anois táim ag súil go mór anois leis an deis, agus dúshlán, nua seo a bheith ag obair agus ag tacú le pobal na Gaeilge sa bhaile. Feictear dom gur eagraíocht cheannródaíoch í *Cill Dara le Gaeilge*, rud is léir ón sár-obair atá déanta aici i dtobh plean teanga cuimsitheach uailmhianach fadradharcach a leagan síos don chontae. Tá go leor ar siúl ag *Cill Dara le Gaeilge* cheana féin leis an nGaeilge a spreagadh i measc an phobail, le tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge agus le húsáid na Gaeilge i ngnólachtaí i gCill Dara a chur chun cinn. Tá súil agam go mbeidh mé in cur leis an obair mhór mhaith atá déanta go dtí seo, agus táim ag tnúth go mór leis.”

I mí Feabhra 2019, d'fhoilsigh *Cill Dara le Gaeilge* agus *Sult na Sollán* plean cúig bliana (2019-2023) don Ghaeilge i gContae Chill Dara. Tá an plean ar fáil ar www.cilldaralegaelge.ie

Tuilleadh eolais:

Daithí de Faoite;

Cathaoirleach;

Cill Dara le Gaeilge

daithi@cilldaralegaelge.ie

+35345397320